RIALACHÁN (AE) 2021/1421 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Lúnasa 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún ([2]) glacadh caighdeáin agus léirmhíniúcháin idirnáisiúnta áirithe a bhí ann cheana an 15 Deireadh Fómhair 2008.

(2) Bhí paindéim COVID-19 ina cúis le suaitheadh seachtrach nach bhfacthas a leithéid riamh, suaitheadh a chuir isteach ar an Aontas agus ar a gheilleagar, agus i ngeall air sin, tá gá le bearta a dhíreoidh ar mhaolú na ndrochthionchar a imríodh ar shaoránaigh agus ar chuideachtaí, i gcás inar féidir.

(3) Tá bearta déanta ag na Ballstáit agus ag an Aontas chun faoiseamh airgeadais a sholáthar do chuideachtaí, lena n-áirítear sos íocaíochta bunaithe ar *moratoria* príobháideacha nó poiblí, chun cosc a chur le féimheachtaí agus le caillteanas post nach bhfuil gá leo, agus chun bonn taca a chur faoin téarnamh tapa.

(4) Ar an 28 Márta 2020, d'fhoilsigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 (Leasú ar IFRS 16), a glacadh le Rialachán (AE) 2020/1434 ón gCoimisiún ([3]).

(5) An 31 Márta 2021, d'fhoilsigh IASB Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 tar éis an 30 Meitheamh 2021 (Leasú ar IFRS 16).

(6) Leis an leasú ar *Léasanna* Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 16, leathnaítear an faoiseamh oibríochtúil roghnach sealadach a bhaineann le COVID-19 le haghaidh léasaithe maidir le conarthaí léasa dar dlite faoiseamh íocaíochtaí i dtosach an 30 Meitheamh 2021, nó roimhe sin, chuig conarthaí léasa dar dlite faoiseamh agus íocaíochtaí i dtosach an 30 Meitheamh 2022, nó roimhe sin.

(7) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, chinn an Coimisiún maidir leis an leasú ar *Léasanna* IFRS 16 go gcomhlíontar na critéir maidir leis an nglacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a leasú dá réir sin.

(9) Socraítear le IASB dáta éifeachtach an leasaithe ar *Léasanna* IFRS 16 amhail ón 1 Aibreán 2021. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag forálacha an Rialacháin seo chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na heisitheoirí lena mbaineann agus chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeáin chuntasaíochta eile mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008.

([1]) IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2020/1434 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16 (IO L 331, 12.10.2020, lch. 20).

(10) Ag féachaint don phráinn atá leis an bhfaoiseamh oibríochtúil sin a bhaineann le COVID-19, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008, leasaítear *Léasanna* Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 16 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfidh gach cuideachta i bhfeidhm iad amhail ón 1 Aibreán 2021 i gcás blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2021 ar a dhéanaí, nó ina dhiaidh sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 tar éis an 30 Meitheamh 2021

Leasú ar IFRS 16

Leasú ar *Léasanna* IFRS 16

Leasaítear mír 46B. Cuirtear mír C1C agus míreanna C20BA go C20BC leis.

LÉASAÍ

Tomhas

Tomhas dá éis sin

Modhnuithe ar an léas

46B An beart praiticiúil i mír 46A, níl feidhm aige ach amháin maidir le lamháltais chíosa a tharlaíonn mar iarmhairt dhíreach ar phaindéim COVID-19 agus mura gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) mar gheall ar an athrú ar íocaíochtaí léasa, athbhreithnítear an chomaoin ar an léas, comaoin arb ionann í go substaintiúil agus comaoin an léasa go díreach roimh an athrú, nó ar lú í ná an chomaoin sin;

(b) ní bhaineann aon laghdú ar íocaíochtaí léasa ach le híocaíochtaí atá dlite an 30 Meitheamh 2022 nó roimhe (mar shampla, chomhlíonfadh lamháltas cíosa an coinníoll sin dá laghdófaí leis íocaíochtaí léasa an 30 Meitheamh 2022 nó roimhe agus dá méadófaí leis íocaíochtaí léasa a bheadh á ndéanamh níos moille ná an 30 Meitheamh 2022); agus

(c) ní dhéantar aon athrú substainteach ar théarmaí agus ar choinníollacha eile an léasa.

Foscríbhinn C

An dáta éifeachtach agus aistriú

AN DÁTA ÉIFEACHTACH

C1C *Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 tar éis an 30 Meitheamh 2021*, a eisíodh i mí an Mhárta 2021, leasaíodh leo mír 46B agus cuireadh isteach leo míreanna C20BA-C20BC. Cuirfidh an léasaí an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí bliantúla tuairiscithe dar tús an 1 Aibreán 2021 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear iarratas a dhéanamh níos luaithe ná sin, lena n-áirítear i ráitis airgeadais nár údaraíodh lena n-eisiúint an 31 Márta 2021.

TRASDUL

Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 le haghaidh léasaithe

C20BA Cuirfidh léasaí *Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 i bhfeidhm go cúlghabhálach tar éis an 30 Meitheamh 2021* (féach mír C1C), agus aitheantas á thabhairt aige don éifeacht charnach a bheadh ag an leasú sin a chur i bhfeidhm i dtosach mar choigeartú ar iarmhéid tosaigh an tuillimh choimeádta (nó comhpháirt eile de chothromas, de réir mar is iomchuí) ag tús na tréimhse tuairiscithe bliantúla ina gcuireann an léasaí an leasú i bhfeidhm den chéad uair.

C20BB Sa tréimhse tuairiscithe ina gcuireann léasaí *Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 i bhfeidhm den chéad uair tar éis an 30 Meitheamh 2021*, ní cheanglaítear ar léasaí an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 28(f) de IAS 8 a nochtadh.

C20BC Agus mír 2 den Chaighdeán seo á cur i bhfeidhm aige, cuirfidh léasaí an beart praiticiúil i mír 46A i bhfeidhm i gcomhréir le conarthaí incháilithe a bhfuil na tréithe comhchosúla iontu agus atá in imthosca comhchosúla, gan beann ar cé acu a tháinig an conradh chun bheith incháilithe le haghaidh an bhirt phraiticiúil mar gheall gur *Lamháltas Cíosa a bhaineann le COVID-19* i bhfeidhm (féach mír C1A) nó *Lamháltais Chíosa a bhaineann le COVID-19 tar éis an 30 Meitheamh 2021* a bhí á chur i bhfeidhm ag an léasaí (féach mír C1C).